

DUAIS PORTRÁIDE AIB 2025 - CEISTEANNA COITIANTA

CEANGLAIS IONTRÁLA

Cé mhéad iontráil is féidir liom a chur isteach?

Tá iontráil teoranta do phortráid amháin in aghaidh an ealaíontóra.

An féidir liom portráid a rinne mé cúpla bliain ó shin a chur isteach?

Is féidir, sna cásanna seo a leanas:

- Críochnaíodh é laistigh de na dátaí riachtanacha (4 Iúil 2022 - 4 Iúil 2025).
- Ní raibh sé ar an ngearrliosta sna blianta roimhe seo do chomórtais Dhuais Portráide Zurich nó Duais Portráide AIB ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (an Gailearaí).

Má tá gradam eile buaite ag mo phortráid an féidir liom í a chur isteach?

Tá cead.

An bhfuil aon srianta méide ann?

- Caithfidh an phortráid a bheith de mhéid agus de mheán nach gcuireann bac ar a taispeáint sa Ghailearaí.
- Tá sé de cheart ag an nGailearaí saothair ealaíne nach féidir a thaispeáint go réasúnta mar gheall ar a meán nó a méid a eisiamh.
- Ní mór toisí neamhfhrámaidhe a sholáthar san fhoirm iontrála.
- Má tá do shaothar ealaíne le taispeáint i bhfráma, ní mór na toisí frámaidhe sin a thabhairt san fhoirm iontrála freisin.

Cad is brí le 'réidh le taispeáint'?

- Ní mór do phortráid a bheith críochnaithe agus réidh le taispeáint, gan leasú, sa Ghailearaí.
- Má tá fráma ag teastáil ó shaothar ealaíne ar an ngearrliosta, ní mór aon fheistiú a dhéanamh sula seachadtar chuig an nGailearaí é.
- Crochfar gach saothar ealaíne 2T ó shreanga.
- Ní mór go mbeadh gach saothar ealaíne 2T in ann freastal ar shocrú crochta 15mm ar leithead.
- Ní mór don ealaíontóir aon trealamh atá sainiúil agus/nó lárnach do thaispeántas an tsaothair ealaíne a sholáthar. Áirítear leis seo scáileáin teilifíse, plionta ar leith, nó cásanna taispeántais.

An féidir liom féinphortráid nó portráid ghrúpa a chur isteach?

Tá cead.

An féidir liom portráid de mo pheata a chur isteach?

Ní ghlacfar le portráidí ainmhithe.

An féidir liom portráid d'fhigiúr ficseanúil/ samhlaíoch a chur isteach?

Ní ghlacfar le portráidí de fhigiúirí ficseanúil / samhlaíocha.

An féidir liom diptic/triptic a chur isteach?

Tá cead.

Cad iad na meáin is féidir liom a úsáid?

Tá saothair in aon mheán (lena n-áirítear grianghrafadóireacht, físeáin, fuaim, prionta, teicstílí, criadóireacht, dealbhóireacht srl) inghlactha. Tá sé de cheart ag an nGailearaí saothair ealaíne a eisiamh má mheastar go bhfuil na hábhair, na substaintí nó na meáin a úsáidtear do-ghlactha, is é sin, contúirteach.

An bhfuil sé riachtanach toiliú an té i do phortráid a bheith agat?

- Tá sé riachtanach. Caithfidh an t-ealaíontóir toiliú an té (nó, nuair is cuí, tuismitheoir, caomhnóir nó eastát an té) chun an phortráid a chur isteach. Ní mór an toiliú seo a mharcáil ar an bhfoirm iarratais.
- Mura bhfuil cead tugtha, dícháileofar é seo. **Má tá tú ar an ngearrliosta do Dhuais Portráide AIB, iarrfar ort cruthúnas toilithe a sholáthar ón té atá i do phortráid.**

An féidir portráid coimisiúnaithe a chur isteach?

Is féidir, sna cásanna seo a leanas:

- Cuireadh tús leis tar éis an 4 Iúil 2022 agus críochnaíodh é faoin 4 Iúil 2025.
- Ní raibh sé ar an ngearrliosta i gcomórtais Dhuais Portráidíochta Zurich nó Duais Portráide AIB roimhe seo sa Ghailearaí.

Chomhoibrigh mé leis an nGailearaí ar thionscadail san am atá caite agus/nó bíonn mé fostaithe ag an nGailearaí ó am go chéile mar oibrí deonach, mar shaorthreoraí turais, mar éascaitheoir ceardlainne nó eile ar bhonn ad hoc. An bhfuilim i dteideal cur isteach ar an gcomórtas?

Sea, is féidir leat dul isteach fad nach bhfuil tú ag tabhairt faoi obair don Ghailearaí faoi láthair, nó i gcomhar leis, agus nach bhfuil tú sceidealaithe don 4 Iúil 2025 nó roimhe sin.

PRÓISEAS IONTRÁLA

Cá bhfaighidh mé an fhoirm iontrála?

Ní mór iontrálacha a chur isteach tríd an gcóras iarratais ar líne (nasc le fáil ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí).

Cad a dhéanfaidh tú le m'eolas pearsanta?

Coinneoidh an Gailearaí agus Submit (ár bpróiseálaí sonraí) na sonraí pearsanta go léir a sholáthraíonn tú go slán.

Féach ar na Rialacha agus na Treoirlínte le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le conas a úsáidfimid agus a phróiseálfaimid do shonraí pearsanta.

An féidir liom m'iarratas a sheoladh tríd an bpost?

Níl cead.

Cé mhéad grianghraf digiteach is féidir liom a chur isteach le m'fhoirm iontrála?

Níl ort ach JPEG amháin de do phortráid a chur isteach más píosa cothrom/2T í (m.sh. pictiúr; grianghraf), agus trí íomhá dhigiteacha más píosa 3T í (m.sh. dealbhóireacht).

Cad iad na ceanglais maidir leis na híomhánna a chuirim isteach?

- Ní mór an íomhá a chuireann tú isteach a shábháil i bhformáid JPEG.
- Caithfidh méid an chomhaid a bheith **300 DPI**
- Gan a bheith níos mó ná 3MB.
- **Ní ghlacfar le haon mhéid comhaid atá níos mó ná 3MB don Duais.**

Conas is féidir liom portráid fuaime a chur isteach?

- Uaslódáil do chomhad fuaime tríd an gcóras iarratais ar líne agus úsáid d'ainm mar theideal an chomhaid.

- I measc na bhformáidí físeán a nglactar leo tá: MP4, MOV, OGG, 3GP, QuickTime, M4V, agus WMV.

AMLÍNE AN **COMÓRTAIS**

Cad é an dáta deiridh?

- Is é **10 i.n. (MAG) Dé hAoine, an 4 Iúil 2025** an dáta deiridh a ghlacfar le hiarratais.
- Ní bhreithneofar aon iontrálacha a chuirtear isteach tar éis an dáta agus an ama seo.

Cathain a tharlaíonn an breithiúnas?

Déanfaidh an painéal moltóirí a rogha tosaigh go déanach i mí Iúil 2025.

Conas a oibríonn an próiseas breithiúnais?

1. Féachfaidh painéal moltóirí ar na híomhánna digiteacha/comhaid go léir de phortráidí a cuireadh isteach go rathúil.
2. Ó na hiontrálacha seo, déanfaidh na moltóirí liosta fada a tharraingt suas don dara babhta breithnithe.
3. Ón liosta fada sin, roghnóidh siad an gearrliosta deiridh le cur ar taispeántas sa Ghailearaí ar an 8 Samhain 2025.
4. Roghnóidh siad ansin an phortráid bhuaiteach agus dhá phortráid a bhfuil ardmholadh ag dul dóibh, tar éis dóibh na saothair ealaíne in situ a scrúdú sa Ghailearaí.

Cathain a chloisfidh mé an bhfuil mo phortráid ar an ngearrliosta don taispeántas?

Cuirfear in iúl duit trí ríomhphost go luath i mí Lúnasa 2025.

An gcuirfear ar an eolas mé mura mbeidh mé ar an ngearrliosta?

- Sea. Cuirfear ar an eolas tú trí ríomhphost go luath i mí Lúnasa 2025.
- Tá cinntí an phainéil moltóirí críochnaitheach agus ceangailteach agus ní dhéanfar aon chomhfhreagras maidir le cinntí den sórt sin. Ní bheidh aiseolas ar fáil cibé an bhfuil ealaíontóir ar an ngearrliosta nó nach bhfuil.

Má cuireadh mo shaothar ar an ngearrliosta cathain a chaithfidh mé é a sheachadadh chuig an nGailearaí?

Ní mór gach portráid ar an ngearrliosta a sheachadadh chuig an nGailearaí trí choinne a dhéanamh idir Déardaoin 21 – Dé hAoine 22 Lúnasa 2025. Féadfaidh na dátaí go léir athrú.

Cathain a osclaítear an taispeántas?

- Osclófar an taispeántas de phortráidí ar an ngearrliosta don phobal i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann Dé Sathairn, an 8 Samhain 2025.
 - Beidh Searmanas Bronnta na nDuaiseanna ar siúl Dé Máirt, an 25 Samhain 2025.
- Féadfaidh na dátaí go léir athrú.

Cathain a dhúnann an taispeántas?

- Dúnfar taispeántas na bportráidí ar an ngearrliosta sa Ghailearaí Dé Domhnaigh an 9ú Márta 2026.
- Tar éis an taispeántais sa Ghailearaí, féadfaidh na saothair ealaíne taisteal chuig ionad comhpháirtíochta, áit a dtaispeánfar iad ar dhátaí atá fós le deimhniú.
- Caithfidh saothair ar an ngearrliosta a bheith ar fáil ar feadh thréimhse iomlán an taispeántais i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann agus san ionad

comhpháirtíochta sin. Ní féidir saothair ar an ngearrliosta a bhailiú ná a fháil ar ais sula ndúntar gach taispeántas.

EALAÍONTÓIRÍ AR AN nGEARRLIOSTA

Má chuirtear do chuid oibre ar an ngearrliosta, rachaimid i dteagmháil leat ansin agus iarrfaimid na nithe seo a leanas:

1. Do ráiteas ealaíontóra
 2. Sonraí teagmhála a dheimhniú
 3. Sonraí do bhaile/dúiche agus contae ina bhfuil tú i do chónaí nó ag obair (do na meáin réigiúnacha) – le cead dúinn an t-eolas seo a roinnt leis na meáin
 4. Beathaisnéis
 5. Íomhá(nna) ardaifigh de do shaothar ealaíne - 300pso méid comhaid 3 agus 5 MB (mura bhfuil siad curtha ar fáil cheana féin)
 7. Teideal agus faisnéis líne chreidmheasa do shaothar ealaíne a dheimhniú
 8. Deimhniú ar thoisí neamhfhrámaidhe agus frámaidhe do shaothair ealaíne (má tá sé frámaidhe)
 9. Deimhniú ar riachtanais taispeántais (m.sh. meáin, dealbhóireacht) agus conas ba mhaith leat do chuid oibre a thaispeáint
 10. Deimhniú cead do na meáin teagmháil a dhéanamh leat chun críocha agallaimh
 11. Leasainm do chuid meáin shóisialta (nuair is cuí)
 12. Cead chun cead a thabhairt don phobal grianghraif a ghlacadh de do shaothar ealaíne sa Ghailearaí agus in aon ionad taispeántais comhpháirtíochta ionchasach le haghaidh úsáide neamhthráchtála. Toirmiscfear tríchosaigh, monachosaigh agus tóirse i gcónaí. Coinneoidh ealaíontóirí ar an ngearrliosta an ceart chun cead a dhiúltú don iarratas seo.
-

13. Cead do cheadúnas neamheisiatach, fo-theadúnaithe, saor ó dleachtanna, neamh-inchúlghairthe don Urraitheoir chun íomhánna agus a bhearradh de do shaothar ealaíne a atáirgeadh chun críocha poiblíochta agus digiteacha dá gcuid féin i dtaca leis an Duais. Coinneoidh ealaíontóirí ar an ngearrliosta an ceart chun cead a dhiúltú don iarratas seo.
